# DÁIL ÉIREANN

**SEIRBHÍSÍ ORTAIPÉIDEACHA AGUS ÚIREOLAÍOCHTA PÉIDIATRAICEACHA.**

Rith Dáil Éireann an Rún seo istigh ag an gCruinniú de Dháil Éireann a bhí ann an 21ú lá seo d'Fheabhra, 2024.

**PAEDIATRIC ORTHOPAEDIC AND UROLOGY SERVICES.**

The within Resolution was passed by Dáil Éireann at its Meeting on this 21st day of February, 2024.

Catherine Connolly, TD

An Leas-Cheann Comhairle

Le cur go dtí:

For transmission to: *An Taoiseach*

Go ndéanann Dáil Éireann:

a aithint:

— go bhfuil liostaí feithimh don mháinliacht dromlaigh rófhada i gcónaí, in ainneoin gur tháinig méadú ar líon na ngnáthamh liachta a rinneadh le blianta beaga anuas; agus

— go bhfuil an Rialtas tiomanta d'fheabhas a chur ar thréimhsí feithimh do leanaí a bhfuil cúram ag teastáil uathu;

a thabhairt dá haire:

— gur leithdháil an Rialtas €19 milliún de chistíocht reatha agus chaipitiúil chun cuidiú le dul i ngleic leis na liostaí feithimh sin trí acmhainn bhreise a chruthú;

— gur baineadh úsáid as an infheistíocht €19 milliún chun tacú le méadú ar líon na ngnáthamh a rinne ár n-oibrithe cúraim sláinte in 2022 agus in 2023 araon;

— go ndearnadh 509 ngnáthamh dromlaigh in 2022, agus in 2023 go ndearnadh 464 ghnáthamh dromlaigh i gcomparáid le 380 in 2019; is ionann an méid sin agus ardú 34 faoin gcéad agus ardú 22 faoin gcéad faoi seach i gcomparáid le 2019;

— ag deireadh mhí na Nollag 2023 go raibh 78 n-othar gníomhach a bhí ag fanacht níos mó ná ceithre mhí, ar laghdú 13 faoin gcéad é i gcomparáid le deireadh 2022; agus go raibh 231 othar ag fanacht le gnáthaimh dhromlaigh, gan gnáthaimh a cuireadh ar fionraí a chur san áireamh, ar laghdú cúig faoin gcéad é i gcomparáid le deireadh 2022;

— go leanfaidh an Rialtas seo de mhaoiniú suntasach a infheistiú chun cuidiú le laghdú a dhéanamh ar an méid ama a bhíonn leanaí ag fanacht le coinní ospidéil agus gnáthaimh thábhachtacha;

— go ndearnadh Scolóis agus Spina Bifida a shainaithint mar réimse tosaíochta, ceann de thrí réimse tosaíochta, sa dá Phlean Gníomhaíochta um Liostaí Feithimh do 2022 agus 2023; agus

— gur réimsí tosaíochta i gcónaí a bheidh i seirbhísí Scolóise agus Spina Bifida faoi

That Dáil Éireann:

recognises that:

— waiting lists for spinal surgery remain too long, despite an increase in the number of procedures carried out in recent years; and

— the Government is committed to improving the waiting time for children seeking care;

notes that:

— the Government allocated €19 million of current and capital funding to help tackle these waiting lists by creating additional capacity;

— the €19 million investment supported an increase in the number of spinal procedures undertaken by our healthcare workers in both 2022 and 2023;

— 509 spinal procedures were carried out in 2022, and in 2023 464 spinal procedures were carried out as compared to 380 in 2019; this represents a 34 per cent increase and a 22 per cent increase respectively compared to 2019;

— at the end of December 2023 there were 78 active patients waiting over four months, which is a 13 per cent reduction compared to the end of 2022; and there were 231 patients waiting for spinal procedures, excluding suspensions, which is a five per cent reduction compared to the end of 2022;

— this Government will continue to invest significant funding to help reduce the amount of time children are waiting for important hospital appointments and procedures;

— Scoliosis and Spina Bifida were identified as a priority area, one of three priority areas, in both the 2022 and 2023 Waiting List Action Plans; and

— Scoliosis and Spina Bifida services will remain as priority areas under the 2024

Phlean Gníomhaíochta um Liostaí Feithimh 2024;

a thabhairt dá haire thairis sin:

— go bhfuil sé ar intinn ag an Aire Sláinte Tascfhórsa a thionól agus gur thug sé cuireadh do gach grúpa othar ionchur a thabhairt sna Téarmaí Tagartha;

— go bhfuil Aonad Bainistíochta tiomnaithe um Máinliacht Dromlaigh Phéidiatraiceach bunaithe in Sláinte Leanaí Éireann, ar aonad é atá dírithe ar mháinliacht dromlaigh a bhainistiú agus a sheachadadh, lena n-áirítear gníomhaíocht mhéadaithe agus liostaí feithimh a laghdú tuilleadh;

— go bhfuil Ceannaire Speisialtachta Cliniciúla le haghaidh Máinliacht Dromlaigh, Bainisteoir Altraí agus Bainisteoir Gnó go léir ina bpoist;

— go bhfuil obair ar bun ar chlár oibre um chúram dromlaigh péidiatraiceach a mbeidh i gceist leis bearta chun dul i ngleic leis na liostaí feithimh reatha, Seirbhís Dromlaigh Phéidiatraiceach thiomnaithe a dhearadh agus aistriú chuig an tseirbhís sin, agus roghanna eisfhoinsithe le haghaidh leanaí atá oiriúnach ó thaobh na cliniciúlachta de; agus

— go bhfuil an Rialtas seo tiomnaithe d'Ospidéal nua na Leanaí a bheith ar oscailt a luaithe is féidir.

Waiting List Action Plan;

further notes that:

— the Minister for Health intends to convene a Taskforce and invited all patient groups to input into the Terms of Reference;

— a dedicated Paediatric Spinal Surgery Management Unit has been established in Children's Health Ireland, which is focusing on the management and delivery of spinal surgery, including increased activity and further reducing the waiting lists;

— a Clinical Speciality Lead for Spinal Surgery, a Nurse Manager, and Business Manager have all commenced in post;

— work is underway on a paediatric spinal care programme of work which involves actions to tackle the current waiting lists, the design and transition to a dedicated Paediatric Spinal Service, and outsourcing options for clinically suitable children; and

— this Government is committed to seeing the new Children's Hospital opened as soon as possible.